


# *Tuarascáil Bhliantúil*

# 2013

Bus Átha Cliath

# Clár Ábhair

| | |
|---|---|
| Athbhreithniú na nOibríochtaí | 2 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 14 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 15 |
| Bord Stiúrthóirí | 19 |
| Ráiteas ar Fhreagracht na Stiúrthóirí | 21 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 22 |
| Príomhbheartais Chuntasaíochta | 24 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 26 |
| Clár Comhardaithe | 27 |
| Ráiteas Sreabhaidh Airgid | 28 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 29 |

Transport for Ireland

*Ba mhaith le Bus Átha Cliath a admháil go bhfuarthas cistiú do mhórthionscadail ón Údarás Náisiúnta Iompair.*

# Athbhreithniú na nOibríochtaí

## Forbhreathnú

Ba bhliain í 2013 inar tharla forbairt an-dearfach do Bhus Átha Cliath. Trí teaglaim bearta duaisiúla dírithe ar laghdú costais phárolla agus forchostais, mar aon le fás in ioncam, d'fhill an chuideachta ar bhrabúsacht agus leanfaidh sí léi chuig seasmhacht mharthanach airgeadais thar na blianta amach romhainn.

Tá feabhas a bhfuil fáilte roimhe feicthe i líon na bpaisinéirí i gcaitheamh na bliana mar thoradh ar chur i bhfeidhm rathúil an tionscadail Network Direct, le borradh láidir sna huimhreacha idir Deireadh Fómhair agus Mí na Nollag nuair a d'iompair an chuideachta 400,000 custaiméir sa bhreis.

Oibríonn Bus Átha Cliath flít anois a bhfuil rochtain ísealurláir iontu uilig, rud a chiallaíonn go bhfuilimid ar cheann den aon phéire chuideachta bus amháin ar fud na hEorpa a chuireann an tsaoráid seo ar fáil.

Tá móréileamh leantach ar Fhaisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) i measc custaiméirí, le nach mór 400,000 íoslódáil den aip fóin cliste de chuid Bhus Átha Cliath ag tarlú i rith na bliana seo amháin.

Ní amháin gur chinntigh ár sealbhú 160 bhus athsholáthair idir 2012 agus 2013 go n-oibríonn Bus Átha Cliath seirbhís le rochtain iomlán ísealurláir, ach lig sé dúinn freisin tús a chur le tabhairt isteach a dhéanamh ar chóras closamhairc don chéad stop eile ar fud an flít, mar aon le tabhairt isteach córais chomharthaíochta ar-bord don gcéad stop eile.

In 2013 freisin chonacthas breisiú ar fheidhmiú céimneach sheirbhís Wi-Fi ar fud flít Bhus Átha Cliath, le níos mó ná dhá thrian den bhflít cumasaithe do Wi-Fi anois. Bhí éileamh mór ar an gCárta Leap i rith na bliana, le breis agus 232,000 turas déanta, ar an meán, in aghaidh na seachtaine ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath ag úsáid Cártaí Leap.

Trí teaglaim na n-imeachtaí thuas i gcaitheamh na bliana, lean Bus Átha Cliath ar an misean atá acu seirbhís phoiblí éifeachtach a sholáthar, le heispéireas an chustaiméara ag feabhsú go leantach.

**€0.5m**

**Barrachas €0.5m in 2013**

## Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais 2013

In 2013 thuill Bus Átha Cliath glanbharrachas €0.5 milliún. Cuirtear é seo i gcomparáid leis an easnamh €3.8 milliun in 2012, lena n-áirítear fóirdheontas breise €5.3 milliún a íocadh chun dul i ngleic le fadhbanna leachtachta de chuid an Ghrúpa CIÉ.

I measc eochairghnéithe na torthaí airgeadais tá fás ioncaim €13 milliún agus laghduithe breise €4.7 milliún i gcostais. Trí teaglaim fás ioncaim agus bearta duaisiúla dírithe ar laghdú costais phárolla agus forchostais, tá an chuideachta tar éis filleadh ar bhrabúsacht in 2013 agus leanfaidh sí ar aghaidh chuig seasmhacht mharthanach airgeadais thar na blianta amach romhainn.

D'fhás an t-ioncam iomlán faoi €13 milliún (6.8%) ó €191.1 milliún go €204.1 milliún. Chuir ardú táillí a cuireadh i bhfeidhm le linn na tréimhse ó Nollaig 2012/Eanáir 2013 leis an bhfás in ioncam. Cheadaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) ardú foriomlán meánach 8% i dtáillí, agus méadaíodh an lascaine fhoriomlán mheánach ar úsáid an Charta Leap go 12%.

Tar éis tús mall don bhliain, bhí éileamh ó chustaiméirí ag feabhsú go leanúnach go dtí gur briseadh isteach ar an dtreocht dhearfach sin nuair a tharla stopadh oibre trí lá i mí Lúnasa. Mar iarmhairt ar sin, bhí an t-éileamh ó chustaiméirí lag i mí Mheáin Fómhair ach d'ardaigh sé arís agus chríochnaigh an bhliain go láidir le níos mó ná 400,000 turas paisinéir sa bhreis bliain-ar-bhliain sa ráithe dheireanach. B'ionann líon iomlán na dturas paisinéir don bhliain 2013 agus 114.4 milliún. Meastar go mbeadh líon na dturas paisinéir níos mó ná an bhliain roimhe marach gur tharla an díospóid.

Aontaíodh clár laghdaithe costais, an tríú ceann thar tréimhse cúig bliana, leis an bhfoireann oibre i Samhain 2013. Cuimsíonn an socrú seo raon leathan bearta laghdaithe costais lena n-áirítear athruithe suntasacha i modhanna oibre, laghduithe sa bhfoireann oibre agus laghduithe in ardrátaí párolla. Áirítear sa socrú go gcuirfear dáta foirceanta ar fáil i leith roinnt de na bearta.

Tháirg bearta laghdaithe costais tuilleadh coigiltí arbh fhiú €4.7 milliún iad i rith 2013. Áirítear sna bearta: laghduithe i gcostais nach mbaineann le párolla, éifeachtúlachtaí sa líonra a d'eascair as Network Direct, coigiltí sa phárolla a d'eascair as tosú an chláir laghdaithe costais i lár mhí na Samhna, agus an tionchar lánbhliana a bhí ag na laghduithe sa bhfoireann oibre in 2012. B'ionann laghduithe i gcostais phárolla agus €3.5 milliún i gcaitheamh na bliana ach rinneadh fritháireamh orthu siúd ag costais aonuaire €2.2 milliún. Tháinig laghdú breise 64 phost ar líon meánach na bhfostaí i rith na bliana, rud a chiallaigh gur baineadh amach laghdú ar líon meánach na bhfostaí anuas go 650 ón mbliain 2008, agus b'ionann an méid iomlán coigiltis phárolla a baineadh amach thar an tréimhse sin agus breis is €35 milliún. Ar an drochuair, níor mhór costais dhosheachanta arbh fhiú €5.6 milliún iad a iompar i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear: breosla, An Scéim Ticéadú Comhtháite (ITS), na costais a bhain le cothabháil ar fhlít níos aosta, agus míreanna aonuaire eile. Baineadh amach laghduithe breise sa bhunús costais, atá laghduithe anois faoi €63 milliún ar bhunús bliantúlaithe ó 2008, mar thoradh ar an méid a leanas: Tús curtha le coigiltí ón gclár laghdaithe costais mar aon le tairbhí cuíchóirithe agus éifeachtúlachta ó thionscadal Network Direct, agus rialú dian leantach ar fhorchostais.

Fuair Bus Átha Cliath íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) €64.5 milliún in 2013; laghdú €10.2 milliún a bhí ansin i gcomparáid le 2012 (san áireamh sin bhí fáltas aonuaire fhoirdheontais bhreise €5.3 milliún). D'ainneoinn go bhfuarthas íocaíocht níos ísle, laghdaíodh an sprioceasnamh a tharla ar an gconradh PSO ó €6.0 milliún in 2012 go €2.2 milliún in 2013, é seo bainte amach don chuid is mó trí mhéadú ar ioncam ó phaisinéirí. Is saincheist thábhachtach í don gcuideachta an t-ísliú a tharla in íocaíochtaí PSO. Tá íocaíocht PSO €60.5 milliún deimhnithe ag an NTA don bhliain 2014, a léiríonn laghdú breise €4 milliún (6.2%) san íocaíocht. Is é seo, áfach, an laghdú

**€13m**

**Fás Ioncaim in 2013**



deireanach mar pháirt den bPlean Tearnaimh Náisiúnta 2011-2014, agus tá sé curtha in iúl go láidir ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt nach bhfuil sé i gceist aon laghduithe breise san íocaíocht PSO a chur i bhfeidhm.

Is rud fíorthábhachtach é brabúsacht leantach i ndiaidh fhóirdheontais a choinneáil ar siúl, chun na spriocanna criticiúla a leanas a bhaint amach: seasmhacht airgeadais do Bhus Átha Cliath, airgead tirim a ghiniúint le haghaidh infheistíochta riachtanach, slándáil i leith seirbhísí iompair a sholáthar agus inbhuanaitheacht fostaíochta a chosaint.

Arís, caithfidh Bus Átha Cliath méaduithe costais a iompar i rith 2014 a bhaineann le laghdú breise in íocaíochtaí PSO, na costais a bhaineann le seirbhísí eile a chur ar fáil, agus le raon eile méaduithe i gcostas nach mbaineann leis an bpárolla, €4.9 milliún san iomlán.

D'ainneoin na méaduithe seo i gcostas, tá sé i gceist ag an gcuideachta leanúint ar an mbóthar tearnaimh trí bhearta dá leithéidí: fás ioncaim trí phraghas, agus don gcéad uair ó 2008, trí mhéid, cur i bhfeidhm go tráthúil an raon iomlán bearta laghduithe costais a aontaíodh leis an bhfoireann, éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh, agus laghduithe eile i gcostais tacaíochta.

Tá deiseanna chun fáis curtha ar fáil mar gheall ar an athbhreithniú ar an líonra seirbhísí agus an feabhsú in iontaofacht atá curtha ar fáil ag Network Direct, tabhairt isteach Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI), an Scéim Ticéadú Comhtháite (ITS), agus an laghdú leanúnach sa leibhéal dífhostaithe. Bainfear feidhm as na deiseanna seo trí mhéadú ar ghníomhaíocht i margadh na gcroíbhealaí, agus díriú ar leith ar fheachtais seachbhuaice agus deireadh seachtaine mar aon le feabhsú ar na hacmhainní cosanta ioncaim.

## Líonra

Cé gur críochnaíodh tionscadal Network Direct go luath in 2013, tá éabhlóid leanúnach i gceist leis, rud a n-éileoidh athruithe thar ama. Rinneadh obair shuntasach i rith 2013 inar rinneadh athscrúdú ar na limistéir sin nár athraíodh iad i rith tionscadail Network Direct, go háirithe Átha Cliath Thuaidh agus tá dul chun cinn maith déanta ar na tograí maidir leis na limistéir sin. Anuas ar sin, rinneadh scrúdú iomlán ar shaincheisteanna lena n-áirítear na sceidil Samhraidh do roinnt príomhbhealaí mar pháirt den phlean

**435 ›**

**Scáileáin taispeána sráide RTPI**

laghdaithe costais agus cuirfear torthaí na hoibre seo i bhfeidhm i Samhradh 2014. Ar deireadh, chuir Bus Átha Cliath i bhfeidhm, go rathúil, amchláir Shathairn ar cheithre lá seachtaine thar tréimhse na Nollag i mí na Nollag 2013 rud a rinne meaitseáil níos fearr le héileamh na bpaisinéirí.

## An Luas Traschathrach

Cuireadh tús leis an dtionscadal LUAS Traschathrach in 2013 nuair a aithníodh siléir feadh chonair an ailínithe nasctha atá beartaithe idir Faiche Stiabhna agus An Clochán Leathan. Ritheann an t-ailíniú ó thuaidh trí Shráid Dhásain, Sráid Thobar Phádraig, Sráid Grafton Íochtarach, Sráid Westmoreland, Sráid Uí Chonaill, Sráid Parnell agus Sráid Dhoiminic go dtí An Clochán Leathan. Ar an turas ó dheas tá ailíniú comhchosúil i gceist, ach amháin go n-úsáideoidh an líne Sráid Mhaoilbhríde, Droichead Rosie Hackett thar na Life, Sráid Hawkins agus Sráid an Choláiste. Thosaigh an obair fhóntais i mí Eanáir 2014, agus, éagsúil ó na hoibreacha atá déanta go dtí seo, beidh na cinn seo i bhfad níos ionsáite ar thrácht go ginearálta agus ar bhusanna ach go háirithe. Is páirtí gníomhach é Bus Átha Cliath den bhFóram Tráchta ar a bhfuil an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) i gceannas, a bhfuil baint leis ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród (RPA) agus na Gardaí, agus tá an grúpa seo ag obair go dian an tionchar a bheidh ag na hoibriúcháin seo ar gach modh tráchtála a íoslaghdú.



**12m**

**Breis agus 12 milliún turas paisinéara ar chárta leap in 2013**

## Dul chun cinn Teicneolaíoch

Rinneadh feabhsú breise in 2013 ar na tairbhí a bhaineann leis an gCórais um Shuíomh agus Rialú Uathoibríoch Feithicle [Automatic Vehicle Location and Control System] (AVLC) mar sholáthróir Faisnéise Fíor-ama do Phaisinéirí. Ag deireadh na bliana, bhi 435 scáileán taispeána san iomlán suite ar-shráid. Soláthraíonn na scáileáin taispeána seo am sroichte tuartha na mbusanna. Suiteáileann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na scáileáin taispeána ar-shráid ar son an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA). Ceapadh clár in 2013 maidir le suiteáil 200 aonad taispeána RTPI sa bhreis, agus tá súil go gcuirfear tús leis an gclár féin go luath in 2014.

Is féidir le custaiméirí rochtain a fháil freisin ar RTPI trí shuíomh idirlín Bhus Átha Cliath, na h-aipeanna saora iPhone agus Android, an tseirbhís SMS de chuid an NTA, agus an suíomh idirlíon de chuid Iompair d'Éireann (Transport for Ireland). Ó tugadh isteach an tsaoráid, fanann RTPI mar an ghné is mó a bhfuil éileamh uirthi ar shuíomh idirlín Bhus Átha Cliath agus ar an aip fón cliste. Ag deireadh 2013, bhí an aip íoslódáilte ag nach mór 400,000 custaiméir. Bhuaigh an aip de chuid Bhus Átha Cliath an chatagóir don 'Aip is Mó Táirgiúlachta' (Most Productive App) ag na Appy Awards bliantúla i mí na Samhna 2013. Tá sé i gceist ag Bus Átha Cliath saoráid ríofa táille a sheoladh ar an aip fóin cliste dá gcuid in 2014.

Sa bhflít de chuid Bus Átha Cliath anois tá 160 bhus a bhfuil comharthaí eolais paisinéara dátheangacha iontu a thaispeánann ainm an chéad stop eile agus beidh siad seo mar ghné chaighdeánach i ngach bus úr a tógtar amach anseo. Maraon leis seo tá tionscadal in áit an córas seo a aisfheistiú ar chéatadán busanna níos sine agus ciallaíonn sé seo go mbeidh comharthaí eolais paisinéara faoin gcéad stop eile ar-bhus ar thrian den bhflít faoin am a bheidh deireadh leis an dtionscadal, in Aibreán 2014.

Bunaithe ar an triail rathúil ar Wi-Fi a ritheadh ar Bhealach 16 agus an fáltas breise ar bhusanna athsholáthair cumasaithe do Wi-Fi in 2012, thosaigh Bus Átha Cliath ag rolladh amach Wi-Fi ar fud an flít in 2013 mar pháirt de thionscadal atá le críochnú in Aibreán 2014. Faoi 31 Nollaig, 2013 bhí 64% den bhflít iomlán, idir busanna nua-faighte agus aisfheistithe, cumasaithe do Wi-Fi. Tá móréileamh as cuimse feicthe ar sheirbhís Wi-Fi Bus Átha Cliath mar go bhfuil 225,500 custaiméirí tar éis leas a bhaint as an tseirbhís 1.7 milliún uair cheana féin. Ba é an meánfhad a mhair seisiún Wi-Fi ar-bhus ná 27 nóiméad. Taispeántar go soiléir sa rath a bhi ag Wi-Fi go bhfuil aitheantas tugtha ag custaiméirí don dtiomantas atá ag Bus Átha Cliath feabhas a chur leis an eispéireas taistil a bhíonn acu.

## Cárta Leap

Ba í 2013 an dara bliain iomlán d'oibriúchán an Carta Leap; an córas comhtháthaithe nua ticéadú iompair do mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. I rith 2013, ar an meán, thiocfadh le custaiméirí coigiltis níos mó ná 12% a dhéanamh nuair a d'úsáid siad Carta Leap in ionad airgid tirim. Ó tugadh isteach é go déanach in 2011, tá nach mór 370,000 Carta Leap eisithe. In 2013, rinneadh os cionn 12 milliún turas paisinéara leis an gCarta Leap, as ar tháinig €22.8 milliún ioncam. I mí Dheireadh Fómhair, thosaigh Bus Átha Cliath raon dá gcuid ticéid réamhíoctha rambler a thairscint ar Chartaí Leap, agus tá sé beartaithe traschur a dhéanamh ar thicéid réamhíoctha breise don bhformáid Carta Leap i rith 2014.

Ar an 4 Samhain tugadh isteach caidhpeáil laethúil agus seachtainiúil ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath agus ar an 9 Nollaig tugadh isteach rátaí caidhpeálá iloibreoirí do Bhus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus na seirbhísí Luas. Tháinig ardú ar na coigiltis meánach ar chartaí leap, i gcomparáid l'airgead tirim go 17% ó Nollaig 2013.

## Custaiméirí Nua a Mhealladh

Rolladh amach an dara céim den fheachtas branda; "Leithscéalta" ag Bus Átha Cliath sa bhliain 2013, tar éis an rath a bhí ar an gcéad chéim de sa bhliain 2012. Léiríodh sa taighde ar chustaiméirí i mí na Nollag 2012 gur chuir an feachtas fógraíochta ar a súile do chustaiméirí, a chothaigh tuiscint fheabhsaithe ar Bhus Átha Cliath dá thoradh.



# 114.4m

Ba ionann turais phaisinéara in 2013 agus 114.4 milliún

Ba é an príomhchuspóir leis an gcéim seo leanúint ar aghaidh ag cruthú feasachta i leith an iliomad feabhsuithe don tseirbhís a sholáthraíonn Bus Átha Cliath le blianta beaga anuas, agus na tairbhí a bhaineann leo siúd do chustaiméirí amach anseo. Dhírigh an feachtas ar bhéim a leagan ar bhfusacht leasa a bhaineann leis an gCárta Leap, ar spreagadh íoslódálacha dár n-aip fóin chliste shaor in aisce agus cur chun cinn na sochar a bhaineann le RTPI; a rannchuir go léir le seirbhís ní b'éifeachtúla agus ní b'intuartha a sholáthar do chustaiméirí.

Áiríodh leis an bplean meán na cinn digiteacha, lasmuigh agus preasa. Thacaigh láithreáin ghréasáin agus meán sóisialta Bhus Átha Cliath leo sin; eadhon Twitter, Facebook agus YouTube. Óstáladh leathanach saintiomanta ar an láithreán gréasáin inar leagadh béim ar na heochairtheachtaireachtaí agus a chuir chun cinn na tairbhí breise a bhaineann le taisteal le Bus Átha Cliath ar nós an ghréasáin leasaithe agus na scéime Taxsaver. Forbraíodh cluiche Facebook d'fheachtas na bliana 2012 chun rannpháirtíocht custaiméirí agus feasacht a spreagadh i leith an Cárta Leap, agus cuireadh ar fáil ar an láithreán gréasáin i gcaitheamh na bliana 2013 é.

## Conradh Seirbhíse Poiblí – Bus Átha Cliath ag Gnóthú Oibleagáidí Feidhmíochta

Chuathas i mbun na bliana leathdheireanaí den Chonradh Seirbhíse Poiblí reatha dámhachtana dírí sa bhliain 2013. Imlíníonn an NTA réimse forálacha seirbhíse agus táscairí feidhmíochta faoin gconradh chúig bliana. Déantar réimsí feidhmíochta maidir le seirbhís do chustaiméirí a iniúchadh go neamhspleách. Soláthraítear sceideal cáipéisí feidhmíochta gach ráithe don NTA agus tugtar, mínítear agus pléitear na torthaí ag cruinnithe athbhreithnithe ráithiúla idir an NTA agus Bus Átha Cliath. Tá an Conradh Seirbhíse Poiblí chun éagadh sa bhliain 2014 agus thug an NTA le fios go síneofar an conradh dámhachtana dírí ina dhiaidh sin don tréimhse chuig mí na Nollag 2019 do 90% de ghréasán reatha Bhus Átha Cliath. Coinneoidh Bus Átha Cliath conradh d'fhuílleach an 10% chun seirbhísí a fheidhmiú chuig mí na Nollag 2016. Is é togra an NTA rogha 10% de sheirbhísí reatha Bhus Átha Cliath a chur ar tairiscint ó mhí na Nollag 2016. Glacfaidh Bus Átha Cliath rannpháirt sa phróiseas tairisceana poiblí.

## Tábhacht na Láithreach Oibre Sábháilte

Tá bord Bhus Átha Cliath agus an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin tiomanta do shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe, na gcustaiméirí agus iad siúd a dtéann ár ngníomhaíochtaí i bhfeidhm orthu, cosúil le húsáideoirí bóithre eile, chomh maith le cuairteoirí ar ár n-áitreabh nó conraitheoirí fostaithe ag an gcuideachta a chosaint.

Is i gcáipéis Córais Bhainistíochta Sábháilteachta na cuideachta a sholáthraítear creatlach mhionsonraithe do bhainistiú priacal sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le hoibríochtaí na cuideachta. Tá na modhanna ar a gcuirtear síos sa cháipéis sin mar chuid lárnach d'fhreagrachtaí na mbainisteoirí sinsearacha, meánbhainisteoirí agus maoirseoirí, nach foláir dóibh ar a seal féin a chinntiú go dtuigeann agus go gcomhlíonann a gcuid fostaithe na ceangaltais a fhaightear inti.

Cé gur sna ceangaltais den Acht um Shábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, a chumhdaítear an ceangaltas gach foráil reachtúil ábhartha a shásamh, coinníonn Bus Átha Cliath air ag lorg feabhsuithe sa chaoi ina mbainistíonn sé an tsábháilteacht agus an tsláinte trína chuid córas agus nósanna imeachta a cheadú agus a thagarmharcáil os coinne iad siúd an dea-chleachtais. Léiríodh an tiomantas sin thar roinnt réimsí sa bhliain 2013, lenar áiríodh creidiúnú dá sheacht gceardlann innealtóireachta ag UK Institute of Road Transport Engineers. Sampla breise ab ea gnóthachan na cuideachta de chreidiúnú oibreora ó Chumann Iompair Fhartha na hÉireann (FTAI). Bhí ríméad ar Bhus Átha Cliath i mí Iúil 2013 freisin gur iarr an tÚdarás um Sábháilteacht Bóithre orthu chun cuidiú leo i bhforbairt físeáin treorach um imscrúduithe ar áitreabh oibreora, le réimeas imscrúdaithe nua á thabhairt isteach ag an Údarás faoin Acht um Ródacmhainneacht Feithicle Tráchtála (CVR) 2012.

**932**

**Líon na mbusanna in 2013**



Taispeánadh sna comparáidí bliantúla ón mbliain 2009 i leith treocht sheasmhach síos i líon na dtimpistí, agus cothromú na rátaí le tuiscint ó na trí bliana is déanaí de réir dealraimh. Cé go bhfacthas méadú beag i líon gach timpiste sa chomparáid bhliantúil den chéad uair ón mbliain 2009 i leith, chonacthas laghdú nach beag i líon na dtimpistí ónar tháinig éilimh thríú páirtí faoi 12% ón mbliain roimhe sin.

I gcomhthéacs sábháilteacht na bhfostaithe, chonacthas feabhsú fíormhór i líon na dtimpistí a bhain leis an obair inar cailleadh am ar fhigiúr na bliana 2012, le laghdú faoi 17% ann trí chéile. B'amhlaidh sa phríomhréimse oibriúcháin a airíodh leis sin laghdú 14.5% i dtimpistí a bhain le hoibríochtaí agus laghdú 37% i líon na dtimpistí sna ceardlanna innealtóireachta. B'fhíor-shuntasach freisin é an laghdú comhfhreagrach i líon foriomlán na laethanta fostaithe a cailleadh mar thoradh ar na timpistí úd (31%).

**56m**

**Líon na gciliméadar taistealta in 2013**

## Forbairtí i Seirbhísí Tráchtála

Bliain fhíor-rathúil do sheirbhísí tráchtála Bhus Átha Cliath ab ea 2013. Tháinig ioncam €380,000 san iomlán ó dhá cheolchoirm i mBaile Shláine, ónar gineadh brabús 16%. Chruthaigh Bus Átha Cliath a chumas in athuair chun seirbhísí agus cúltacaíocht den scoth a sholáthar chuig ceolchoirmeacha agus imeachtaí speisialta agus uathu.

Tagann fás gan staonadh ar an tseirbhís Airlink Express, agus na díolacháin ticéad suas faoi 30% ón mbliain 2012 de bharr díolacháin ó soláthróirí cóiríochta, oibreoirí turais agus leanúint ar aghaidh an fheachtais chur chun cinn sna margaí thar lear. D'éirigh tabhairt ar láimh na deisce eolais taistil ag Aerfort Átha Cliath ríthairbhiúil chun an tseirbhís Airlink agus turais éagsúla Bhus Átha Cliath a chur chun cinn. Chonacthas bliain rathúil ó na turais fhámaireachta sa bhliain 2013, agus ioncam do chustaiméirí suas faoi 20% ar an mbliain roimhe sin. Bhí na leibhéil turasóirí chuig Baile Átha Cliath suas faoi 7%, le margadh Mheiriceá Thuaidh ag buaicmhéadú 13.4% le hais na bliana 2012. Sheol Bus Átha Cliath turas úrnua sealaíochta i gCeantar na nDugaí an 7 Iúil, turas a chuireann ar chumas turasóirí roinnt d'iontais chultúrtha folaithe Cheantar na nDugaí Bhaile Átha Cliath a fheiceáil. I measc buaicphointí an turais tá: Teach na gCustam; an chéad mhacasamhail in Éirinn de long ard agus iarsmalann an ghorta, an Jeanie Johnston; Amharclann Bhord Gáis Energy agus bunláthair Stiúideonna Lána an Mhuilinn Ghaoithe a bhfuil clú idirnáisiúnta orthu. Tá óstáin agus tithe ósta breise le fáil ar feadh bhealach an turais, a sholáthraíonn rochtain fhurasta do 1,500 turasóir agus cuairteoir breise ar Bhaile Átha Cliath. Tháinig méadú ar dhíolacháin ticéad díreacha ó óstáin sa cheantar, faoi 30%. Ghnóthaigh Bus Átha Cliath gradaim in athuair Trip Advisor Excellence do na turais Hop-on Hop-off agus na turais Ghostbus agus fuair rátálacha dár dturais Chois Cósta i mbliana.

## Úsáid Fuinnimh

D'oibrigh Bus Átha Cliath flít 932 bus sa bhliain 2013, ag taisteal thar 56 milliún ciliméadar. An t-ídiú breosla a bhaineann leis an bhflít busanna is ea an phríomhthomhailt fuinnimh. Ba mhó an líon breosla díosail a ídíodh sa bhliain 2013 agus díreach os cionn 27 milliún lítear. Áirítear leis na príomhthomhaltóirí fuinnimh eile ár seacht ngaráiste cothabhála agus roinnt foirgneamh oifige. Bristear síos an úsáid fuinnimh le húsáid breosla ag ár bhflít (95.2% den ídiú), úsáid leictreachais ag ár n-áitreabh (1.9% den ídiú) agus ídiú an gháis ag ár n-áitreabh (2.9% den ídiú). Baineann suas le 70% d'úsáid an leictreachais inár ngaráistí cothabhála le soilsiú do na foirgnimh agus do na clóis lasmuigh. Baineann ídiú an gháis go príomha le téamh na n-áitreabh. Is iad an soilsiú, trealamh oifige agus aonaid aerchóireála a fhreagraíonn do mhóramh ídiú an fhuinnimh sna hoifigí.


D'ídigh Bus Átha Cliath 293,044 MWh den fhuinneamh sa bhliain 2013, lenar bhain:

- 278,385 MWh de bhreosla díosail don fhlít busanna
- 5,430 MWh leictreachais
- 9,229 MWh den ghás nádúrtha



# 80

## Líon na mbusanna nua in 2013




## Gníomhartha Déanta in 2013

In 2013 thug Bus Átha Cliath faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Braiteoirí Éighníomhacha Infridhearga (PIR) sna hiostaí
- Athbhreithniú ar Chórais Chomhbhrúite Aeir sna garáistí
- Triail braiteoirí PIR i bpoill cheardlainne
- Monatóireacht flít ar bhreosla de réir bealaigh
- Ceannach feithiclí nua feistithe le hinnill ag caighdeán Euro 5 d'astúcháin
- Cur chun cinn na feasachta fuinnimh i measc fostaithe
- Oiliúint Vigil Vanguard do thiománaithe – teicníochtaí éici-thiomána
- Leanúint ar aghaidh le monatóireacht fuinnimh ag gach aon áitreabh
- Baint an uisce fhearthainne
- Leanúint ar aghaidh leis an modúil oiliúna san Éici-Thiomáint mar chuid d'oiliúint tiománaí san Inniúlacht Ghairmiúil Leanúnach (CPC).

Chabhraigh na bearta sin agus bearta eile nach iad le coigiltis arbh ionann agus 6,409 MWh i gcomparáid leis an mbliain 2012 iad.

## Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2014

In 2014 tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath breis feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh tríd na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- Trialacha den Éici-Thiomáint a thosú trí leas a bhaint as teicneolaíocht aiseolais don tiománaí ar bord
- Suiteáil caidéal uisce le mótair éilimh arna ghníomhachtú ag brú
- Suiteáil braiteoirí PIR sna poill cheardlainne
- Formhéadú na monatóireachta ar bhreosla flít de réir bealaigh
- Triail bus hibridigh
- Ceannach feithiclí nua a fheisteofar le hinnill ag caighdeán Euro 6 d'astúcháin. Is iad an t-inneall níos lú agus níos éifeachtúla i dteannta leis an bhfonnadh níos éadroime a sholáthróidh ídiú breosla laghdaithe
- Tús a chur le suiteáil córais bhainistíochta breosla uathoibrithe
- Roghanna fuinnimh inathnuaite a athbhreithniú do na hiostaí
- Leanúint ar aghaidh ag aithint tuilleadh deiseanna sábhála fuinnimh tríd na foirne bainistíochta fuinnimh áitiúla.

# Clár Athchurtha Flít

Cheannaigh Bus Átha Cliath 80 bus dhá urlár breise nua le fonnadh Volvo B9 agus cabhalra Wrightbus sa bhliain 2013. Cuireadh tús lena seachadadh i mí Iúil agus tugadh chun críche i mí na Nollag é. Tá na feithiclí sin feistithe agus na hinnill is úrscothaí den chaighdeán Euro 5, rud a bheidh ina fheabhsú mór ó thaobh astúchán de, óir gur thiar sa bhliain 2000 a ceannaíodh na feithiclí dá bhfuil siad mar ionadaithe. Is comhchosúil iad na feithiclí leis na 80 bus a ceannaíodh sa bhliain 2012 agus iad trealmhaithe le roinnt gnéithe a fheabhsóidh eispéireas custaiméirí agus a fheabhsóidh sástacht paisinéirí. Áirítear leis na gnéithe sin: suíocháin níos fear, eolas faoin gcéad stad eile do phaisinéirí, spás breise do bhugaí agus rochtain Wi-Fi. Tá na feithiclí feistithe freisin le doirse lárnacha ar chóir dóibh dul ar bord a fheabhsú agus achair fheithimh ag stadanna a laghdú.

Ba é an NTA a thug an cistiú do na 80 feithicil ionaid.

## Clár Athchóirithe Flít

Chuir Bus Átha Cliath tús le sraithe uasghrádaithe seirbhíse sa bhliain 2011 ar fheithiclí reatha agus lean an clár sin ar aghaidh sa bhliain 2012/13. Cuireadh an t-uasghrádú chun feidhme i leith réimse cabhalra, gnéithe meicniúla agus leictreacha dár bhfeithiclí níos sine. Na huasghráduithe, a gnóthaíodh trí chistiú ón NTA; cuirfidh siad feabhsú le sábháilteacht agus iontaofacht feithiclí, agus le sástacht custaiméirí níos mó dá réir.

## Inrochtaineachta an Fhlít – Seirbhís Bus do Chách

Bliain chinniúnach í 2013 don inrochtaineacht in Bus Átha Cliath óir gur fheidhmigh an chuideachta den chéad uair le flít arbh inrochtana do chathaoireacha rotha le hurlár íseal ina iomláine é. Tá flít iomlán Bhus Átha Cliath trealmhaithe anois le fonnadh urláir ísil, crochadh glúine chun airde na gcéimeanna a laghdú a thuilleadh, rampa inghiorraithe ag an doras isteach agus spás tosaíochta d'úsáideoirí i gcathaoir rothaí. Is í Bus Átha Cliath ceann amháin as dhá chuideachta bus san Eoraip chun flít arb inrochtana le hurlár íseal ina iomláine é. Beidh spás saintiomanta do bhugaithe ag gach bus a cheannófar amach anseo freisin, chomh maith le spás saintiomanta do chathaoir rothaí.

Mar chomhlíonadh dá tiomantas don inrochtaineacht agus bunaithe ar thriail rathúil, chuir Bus Átha Cliath tús an 4 Nollaig le clár chun a fhlít go léir a fheistiú le córas fógartha don chéad stad eile, atá ar sceideal lena chríochnú sa bhliain 2014. Tá sé seo mar fheabhsú mór do chustaiméirí Bhus Átha Cliath le laigí radhairc agus dóibh siúd a fhéadann bheith aineolach ar na bealaí bus ar a bhfuil siad.

Choinnigh Bus Átha Cliath uirthi ag reáchtáil na scéime Chúnamh Taistil sa bhliain 2013 freisin. Tá ag éirí leis an scéim sin go foil le roinnt custaiméirí ag fáil cúnaimh agus comhairle praiticiúla faoin gcaoi chun taisteal go neamhspleách ar an iompar poiblí. Dréachtaítear plean taistil le cúnamh ó Chúntóir Taistil lánaimseartha chun éilimh gach custaiméir faoi seach a shásamh. Is féidir le custaiméirí rochtain a fháil ar a thuilleadh eolais faoin gCúnamh Taistil ach teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Inrochtaineachta Bhus Átha Cliath ar (01) 7033204 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig travelassist@dublinbus.ie. Tá na leibhéil



**100%**

**Flít urláir íseal inrochtana ag cathaoireacha rothaí**

# 1,500

**Fuair beagnach 1,500 grúpa maoiniú mar chuid de Thionscnamh Spiorad an Phobail**

phátrúntachta den chlár sin tar éis fás go comhsheasmhach ó cuireadh tús leis, agus fuair ní ba mhó ná 600 custaiméir an tseirbhís sa bhliain 2013. Táthar ag dúil go méadófar an t-éileamh ar an tseirbhís tar éis tosú oibreacha tionscadail traschathrach don Luas, agus tá Bus Átha Cliath ag ceapadh bealaí chun an tseirbhís a fhorbairt chun an fás sin a shásamh.

## Freagracht Shóisialta Chorparáideach – Ár gCuid Oibre sa Phobal

Choinnigh Bus Átha Cliath uirthi trí mheán a Tionscnaimh Spiorad Pobail ról gníomhacha a fheidhmiú sna pobail ina n-oibrítear a cuid seirbhísí. Baineann trí phríomhghné leis an tionscnamh foriomlán, mar atá:

- Gradaim Spiorad Pobail Bhus Átha Cliath
- Comórtas Ealaíne do Leanaí Bhus Átha Cliath
- Ciceanna Éirice Bhus Átha Cliath/Niall Quinn

Chonacthas 85 deontas á mbronnadh ar ghrúpaí deonacha agus pobail éagsúla ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) ag Dámhachtainí Spiorad Pobail Bhus Átha Cliath i mbliana. Fuair beagnach 1,500 grúpa maoiniú faoin gclár go nuige seo, rud a chabhraigh le go leor cúiseanna fónta i measc na bpobal ar fud MBÁC. Fuair na cúig eagras seo a leanas an dámhachtain ab airde arbh fhiú €5,000 sa bhliain 2013 í; eadhon Cuman Dornálaíochta Amaitéarach na hEascrach, Leamhcán, Ionad Pobail agus Óige Fhothair Chardain, Tamhlacht; Ionad Lae Rí Críost, An Chabrach; The Rediscovery Centre, Seantrabh agus Move4Parkinsons, Cill Mochuda. Tionscnaíodh na dámhachtainí seo chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt don saothar ríluachmhar a bhíonn ar bun ar bhonn laethúil ag grúpaí áitiúla suite i ngréasán Bhus Átha Cliath. Is é an t-iar-imreoir sacair idirnáisiúnta, Niall Quinn atá mar phátrún an tionscnaimh ó cuireadh tús leis thiar sa bhliain 2003.

Is é an Comórtas Ealaíne agus Féilire do Leanaí bliantúil an dara gné den Tionscnamh Spiorad Pobail. Fostaíonn Bus Átha Cliath Comhordaitheoirí Scoile agus Pobail saintiomanta a thógann agus a chothabhálann caidrimh leis an aos óg sna scoileanna náisiúnta agus iar-bhunoideachais ar fud MBÁC. Roghnaíonn na comhordaitheoirí roinnt scoileanna náisiúnta gach aon bhliain trasna gréasáin bhealaí na cuideachta chun bheith rannpháirteach sa chomórtas agus tugann siad cuireadh do leanaí pictiúr nó dán ar théama na mbusanna a chur isteach. Cuirtear luach an iompair phoiblí i measc pobal áitiúil chun cinn do phaisinéirí níos óige sa chomórtas, agus spreagann sé feasacht faoi thionchar diúltach na loitiméireachta ar bhusanna don phobal áitiúil é féin. Ghlac 22 scoil náisiúnta ó na ceantair seo a leanas rannpháirt sa chomórtas i mbliana: Baile Adaim, Baile Formaid, Baile Munna, Bánóg, Gort an tSrutháin, Cluain Dolcáin, Fothair Chardain, Fionnghlas, Cill an Ardáin, Ráth Miontáin, Cnoc na Fuiseoige agus Tamhlacht. Foilsíodh rogha iontrálacha buachana i bhFéilire Ealaíne Leanaí 2014 tar éis sraith comórtas ceannais réigiúnach, a leithdháileadh ansin i measc na scoileanna rannpháirteacha, fhostaithe Bhus Átha Cliath agus ionadaithe tofa i MBÁC. I dteannta na hiontrálacha buachana a chur isteach i bhféilire lena leithdháileadh, reáchtáil Bus Átha Cliath taispeántas an 9 Nollaig de roinnt de na hiontrálacha buachana in ionad Ché an Adhmaid in oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun féilire 2014 a sheoladh.

Reáchtáil Bus Átha Cliath an t-ochtú comórtas bliantúil Ciceanna Éirice Bhus Átha Cliath/Niall Quinn an 18 Iúil ar pháirceanna spóirt Ionad Fóillíochta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Uí Lachnáin. Tugadh an deis do leanaí roghnaithe idir 8 agus 14 bliain d'aois, amhail na blianta roimhe sin, oiliúint a fháil agus comórtas ciceanna éirice a thriail in éineacht le Niall Quinn. Roghnaítear ceantar nua gach aon bhliain le bheith mar óstach don imeacht, a eagraítear i gcomhar le Grúpaí Óige áitiúla agus leis An Garda Síochána. Is éard is aidhm leis an tionscadal aitheantas a thabhairt don saothar a bhíonn ar bun ag grúpaí deonacha agus An Garda Síochána chun tacú le daoine óga le linn mhíonna an tsamhraidh agus chun luach an iompair phoiblí sna pobail áitiúla a chur chun cinn i measc an aosa óig ar fud Bhaile Átha Cliath.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

## Bord Stiúrthóirí

### Stiúrthóirí amhail ag 26ú Márta, 2014

An tUas. K. Bonner, Cathaoirleach

An tOllamh P. Barker

K. Barrington Uasal

G. Joyce Uasal

An tUas. B. McCamley

An tUas. T O'Connor

An Dr. K. Rafter

## Príomhfheidhmeannach

An tUas. P. Doherty

## Rúnaí

An tUas. R. O'Farrell

## Oifig Chláraithe

59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

Guthán: +353 1 872 0000
Facsamhail: +353 1 873 1195
Láithreán Gréasáin: www.dublinbus.ie

Uimhir Chláraithe: 119569

## Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil
Uimhir a hAon Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

**Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil in éineacht leis na ráitis airgeadais iniúchta i láthair don bhliain dar críoch 31ú Nollaig 2013.**

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is í príomh-ghníomhaíocht na cuideachta seirbhís bus chuimsitheach a sholáthar do chathair Bhaile Átha Cliath agus máguaird.

Tháinig méadú faoi 6.8% ar ioncam iomlán ó chustaiméirí sa bhliain 2013 chuig €204.1 milliún ó €191.1 milliún sa bhliain roimhe sin. D'iompair an chuideachta 114.4 milliún custaiméir, ar laghdú díreach faoi 0.7% ón mbliain 2012 é. D'éirigh éileamh custaiméirí ní ba chobhsaí i rith na bliana agus chonacthas roinnt foráis sa mhargadh sa ráithe dheireanach den bhliain. D'fhill an chuideachta chuig brabúsacht sa bhliain 2013 trí mheascán de bhearta diana do laghdú costas um párolla agus forchostais agus fás san ioncam, agus féachfaidh sí sprioc na cobhsaíochta airgeadais a bhaint amach sna blianta beaga amach romhainn.

## Torthaí agus Cúlchistí

Is ar leathanaigh 26 go 43 a leagtar amach na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013. Léirítear barrachas €481,000 sna torthaí don bhliain 2013 (2012 – easnamh €3,823,000).

## Rioscaí Príomha

Tá an chuideachta tiomanta do riosca a bhainistiú ar bhealach córasach agus smachtaithe. Aithnítear na heochair-rioscaí os comhair na cuideachta trí phróiseas bainistíochta ar fud na cuideachta. Coimeádtar clár rioscaí agus nuashonraítear ar bhonn ráithiúil é, agus áirítear leis pleananna gnímh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí aitheanta. Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ), thar ceann Bhus Átha Cliath, a théann i mbun ceannaigh bhreosla agus airgeadra roimh ré mar a mheasann sé luach agus riosca laghdaithe bheith ann don chuideachta.

## Infheistíocht Chaipitil

Leanadh ar aghaidh le hinfheistíocht sa fhlít le linn na bliana 2013, agus seachadadh os cionn 80 bus nua chun seirbhíse le teacht in ionad feithiclí ró-sheanda. Áiríodh le caiteachas nach beag eile cláir athchóirithe flít chun cáilíocht agus iontaofacht a chothabháil ar mhaith le leas na gcustaiméirí. Coinníodh ar infheistíocht i bhfeabhsú seirbhísí le cúnamh ó chistiú Údarás Iompair Náisiúnta sna réimsí seo a leanas:

- Íocaíocht €31.1 milliún ar 80 bus nua
- €5.0 milliún ar athchóiriú busanna agus ar threalamh dóibh
- €0.7 milliún ar fhorbairt leanúnach an Chórais um Shuíomh agus Rialú Uathoibríoch Feithicle [Automatic Vehicle Location and Control System] (AVLC) agus ticéadú
- €0.6 milliún ar bhonneagar gréasáin

## Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca

Is iad na baill neamhfheidhmiúcháin den Bhord seo a leanas atá ar an gCoiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca amhail 26 Márta 2014: Patricia Barker, Gary Joyce agus Kevin Rafter.

Is iad príomhdhualgais an Choiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca an caidreamh leis an iniúchóir seachtrach a mhaoirsiú, lena n-áirítear breithniú faoi cheapadh an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheisteanna neamhspleáchais, scoir nó dífhostaithe. Is é an Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca a phléann bunbhrí agus scóip an iniúchta agus na torthaí leis an iniúchóir seachtrach. Is é an Coiste freisin a dhéanann monatóireacht ar iomláine na ráiteas airgeadais a ullmhaíonn an chuideachta.

Is é an Coiste a choinníonn faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus córais bhainistíochta riosca na cuideachta.

Tá an Bord tar éis Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca a fhaomhadh, agus athbhreithnítear ar bhonn bliantúil agus leasaítear de réir mar is cuí iad. Bhuail an Coiste le chéile seacht n-uaire sa bhliain 2013 (ceithre huaire sa bhliain 2012). Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, PricwaterhouseCoopers, i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013 ar feadh tréimhse trí bliana i ndiaidh

próisis soláthair agus tairisceana. Is amhlaidh dá réir a mholann an Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca don bhord go n-athcheaptar go foirmiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 iad. Níorbh ann d'aon oibleagáid conartha a d'fheidhmigh chun an Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca a shrianadh ó bheartú an mholta sin.

Níorbh ann d'aon seirbhís ábhartha neamhiniúchta arna soláthar ag na hiniúchóirí i rith na bliana faoi athbhreithniú. Is amhlaidh dá réir nach measann an Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca, tar éis féachaint do gach caidreamh idir an chuideachta agus an chuideachta iniúchta sheachtraigh, go ndéanann na caidrimh sin dochar do bhreithiúnas ná do neamhspleáchas an iniúchóra.

## Forbairt Fostaithe

Tá Bus Átha Cliath tiomanta chun a chinntiú go n-aithnítear agus go bhforbraítear na scileanna agus an t-eolas riachtanach ionad go mbíonn an deis ag gach fostaí forbairt a dhéanamh agus rannchur go dearfach le cúrsaí.

Baintear leas as creatlach inniúlachta chun na hiompair, scileanna agus cumais a aithint ar ríbhunúsach d'fheidhmiú rólanna éagsúla na bhfostaithe iad do sheachadadh seirbhíse den scoth ag an gcaighdeán éigeantach.

Is é Ionad Oiliúna Bhus Átha Cliath a sholáthraíonn roinnt clár oiliúna chun a chinntiú go dtugtar an caighdeán oiliúna is airde do thiománaithe bus le cur ar a gcumas seirbhís bus ar sábháilte, éifeachtúil agus iontaofa í a sheachadadh dár gcustaiméirí. Glacann gach tiománaí bus rannpháirt i lá oiliúna amháin in aghaidh na bliana lena gcáiliú don Teastas Inniúlachta Gairmiúla (CPC) i gcomhréir le Treoir 2003/59/CE an AE agus le faomhadh an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Seachadadh clár forbartha inniúlachta i scileanna tiomána do gach tiománaí i dteannta leis an CPC. Baintear leas as córas oiliúna físeáin (ar a dtugtar Vigil Vanguard) sa chlár sin chun éascú don fhoghlaim mhachnamhach agus athrú iompair. Thug Institiúid Chairte Lóistíochta agus Iompair agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre aitheantas don chlár oiliúna as a chur chuige nuálaíoch d'oiliúint i scileanna tiománaí.

Leanadh ar aghaidh le clár forbartha bainistíochta sa bhliain 2013 le roinnt bainisteoirí agus oifigeach riaracháin ag dul i mbun staidéar tríú leibhéal. Leanadh ar aghaidh le hoiliúint eile ar sainiúil don ról iad maidir le fostaithe cothabhála, maoirseachta agus riaracháin.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta lántiomanta forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; agus gach Rialachán náisiúnta agus eile de chuid an AE a chomhlíonadh. Coinnítear an Córas Bainistíochta Sábháilteachta faoi athbhreithniú agus nuashonraítear ar bhonn leanúnach é.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Cuireann an Straitéis Chomhionannais agus Éagsúlacht ar chumas Bhus Átha Cliath chun:

- Timpeallacht oibre níos éifeachtúla agus sásúla a sheachadadh d'fhostaithe.
- Éilimh athraitheacha custaiméirí a shásamh
- Nasc níos mó a fhorbairt leis an bpobal dá bhfóntar.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta do sheachadadh seirbhíse den scoth dá chustaiméirí go léir agus do chruthú láthair oibre ar cothrom cuimsitheach í mar a mbíonn urraim do dhaoine aonair agus mar ar féidir le daoine feabhas a ghnóthú ina gcuid saothair.

D'fhorbair an chuideachta plean gnímh do phrionsabail an chomhionannais agus na cuimsitheachta, rud a léiríonn éagsúlacht a lucht saothair. Roghnaíodh Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta na cuideachta lena háireamh in Achomaireacht an Choimisiúin Eorpaigh den Dea-Chleachtas san Éagsúlacht.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Bus Átha Cliath a fhreagracht as comhlíonadh a chinntiú, ar gach bealach ábhartha, le forálacha Rialachán CE (Íoc Déanach) 2012. Is é beartas íocaíochta na cuideachta comhlíonadh le ceangaltais an Rialacháin.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta tógtha ag na stiúrthóirí d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí oibleagáid na cuideachta chun leabhair chuntais chuí a choimeád ná, córais agus nósanna imeachta

feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Is ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 a choinnítear na leabhair chuntais.

## Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Is i gcuntais Ghrúpa Chóras Iompair Éireann a thugtar mionsonraí na mbeartas agus na nósanna imeachta arna bhforfheidhmiú ag an gcuideachta, tar éis fhoilsiú an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann stiúrthóirí na cuideachta. Leagtar amach thíos ainmneacha na ndaoine ar stiúrthóirí i gcaitheamh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2013 nó a ceapadh dá éis sin iad. D'fhóin siad mar stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir mura dtugtar a mhalairt le fios.

An tUas. K. Bonner *Cathaoirleach*

An tOllamh P. Barker *(Arna cheapadh an 11 Feabhra 2013)*

K. Barrington Uasal
*(Arna ceapadh an 9 Meán Fómhair 2013)*

G. Joyce Uasal

An tUas. B. McCamley
*(Arna athcheapadh an 1 Nollaig 2013)*

An tUas W. McDermott *(Ar scor ón 30 Samhain 2013)*

M. Mc Gennis Uasal *(Ar scor ón 7 Márta 2014)*

U. McGrath Uasal *(Ar scor ón 15 Márta 2013)*

An tUas T. O'Connor *(Arna cheapadh an 1 Nollaig 2013)*

An Dr. K. Rafter *(Arna cheapadh an 23 Eanáir 2013)*

An tUas D. Rouse *(Arna cheapadh an 16 Aibreán 2013, d'éirigh as an 8 Deireadh Fómhair 2013)*

Ní raibh aon leas ag ceachtar de na stiúrthóirí ná an rúnaí in aon scair ná binitiúr de chuid na cuideachta, dá cuideachta sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí ag am ar bith le linn na bliana.

Ní raibh aon chonradh ná socrú a ndeachthas isteach iontu i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ábhartha ag stiúrthóir i dtaca le gnó an Ghrúpa.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh na stiúrthóirí boird ag cruinnithe Boird/Coiste i rith 2013.

| Stiúrthóir | An Bord | Coiste Sábháilteachta | Coiste Iniúchta, Airgeadais agus Riosca |
|---|---|---|---|
| An tUas. K. Bonner (Cathaoirleach) | 11/11 | | 3/3 |
| An tOllamh P. Baker | 7/10 | | 7/7 |
| K. Barrington Uasal | 3/3 | | |
| G. Joyce Uasal | 8/11 | | 4/6 |
| An tUas. B. McCamley | 10/11 | 3/4 | |
| An tUas. W. McDermott | 9/11 | | |
| M. McGennis Uasal | 5/11 | 4/4 | |
| U. McGrath Uasal | 2/2 | 1/1 | 1/1 |
| An Dr. K. Rafter | 10/10 | 2/3 | 2/2 |
| An tUas. D. Rouse | 10/10 | | 2/2 |

## Gnóthas Leantach

Cé gurb ann do roinnt éiginnteachtaí, tá na stiúrthóirí boird sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an gcuideachta leanúint ar aghaidh i mbun gnó don am amach romhainn. Dá bharr seo, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas. Tugtar aghaidh ar na héiginnteachtaí úd i Nóta 1 "Gnóthas Leantach", agus is ann a dhéantar achoimre ar chonclúidí na stiúrthóirí i ndáil le gnóthas leantach.

## Iniúchóirí

Tá na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, tar éis a dtoilteanas a chur in iúl coinneáil ar aghaidh in oifig i gcomhréir le hAlt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

**An tOllamh P. Barker**, *Stiúrthóir*

26 Márta 2014

# Bord Stiúrthóirí




### Kevin Bonner, Cathaoirleach

Ceapadh Kevin Bonner mar Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath agus ar Bhord CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Bhíodh Kevin ina Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar agus Fostaíochta agus tá sé ina chathaoirleach nó ina stiúrthóir ar roinnt comhlachtaí nó cuideachtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach anois m.sh. Foras na Mara, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, Waterford Stanley. Is céimí de chuid na Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (BA) agus Coláiste na Tríonóide (MScEcon) é.



### Patricia Barker

Tá Patricia Barker ina hollamh le cuntasaíocht ach í ar scor anois. Tá sí ina Cuntasóir Cairte agus ina Comhalta de Chomhairle Chuntasóirí Cairte in Éirinn. Bhain sí amach céim PhD maidir le faisnéis airgeadais a sholáthar d'fhostaithe agus bhronn Coláiste na Tríonóide MPhil i Staidéar Inscne uirthi. Tá Patricia ina stiúrthóir ar Ospidéal Thamhlachta, Veritas Publications Ltd. agus Foras na Mara. Bhí sí ina Cathaoirleach ar Bhord na Seirbhíse Fuilaistriúcháin agus bíonn sí ag obair go deonach leis an Ionad Éigeandála um Éigniú.



### Kathleen Barrington

Ceapadh Kathleen Barrington ar an mbord ar an 9 Meán Fómhair 2013. Comhairleoir cumarsáide í Kathleen a bhfuil spéis ar leith aici i mbainistíocht dea-cháile, gnóthaí poiblí agus caidreamh leis na meáin. Roimhe seo bhí Kathleen ina comhairleoir don rialtas faoi na meáin agus ina hiriseoir airgeadais a bhuaigh duaiseanna agus tá spéis ar leith aici i saincheisteanna tomhaltóirí agus infheisteoirí.



### Gary Joyce

Tá Gary Joyce ina Comhpháirtí Bainistíochta ar an gcuideachta Genesis a bhíonn ag plé le margaíocht agus le forbairt straitéiseach. Tá taithí forleathan aici de bharr bheith ina ball neamhfheidhmiúcháin de bhoird éagsúla sna hearnálacha príobháideacha agus neamhbhrabúsach chomh maith le bheith ar bhoird eagraíochtaí stáit. Tá Gary ina comhalta d'Institiúid na Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí Bainistíochta [Institute of Management Consultants and Advisers] agus d'Institiúid Mhargaíochta na hÉireann.



### Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley ar an mBord i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Chuaigh Bill ag obair le Bus Átha Cliath in 1974 agus oibríonn sé i ngaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Bhí roinnt post éagsúla aige ina cheardchumann, SIPTU, lena n-áirítear bheith ina bhall de choistí Réigiúnacha, Rannacha agus Brainse. Tá Bill ina ball faoi láthair de choiste na hEarnála Iompair agus de choiste Dúiche Bhaile Átha Cliath. Bhí sé ina ionadaí a sheas ar son a cheardchumainn ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina bhall de Mheitheal na Roinne Dlí agus Cirt maidir le Foréigean Bus (1996). Tá mórchuid scríofa aige faoi cheisteanna iompair agus cúrsaí ceardchumann, lena n-áirítear leabhar ar stair oibrithe tramanna Bhaile Átha Cliath.



### Willie McDermott

Ceapadh Willie McDermott ar an mBord i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Chuaigh Willie ag obair le Bus Átha Cliath in 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de Cheardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid [National Bus and Rail Union] agus déanann sé ionadaíocht ar oibrithe bus. Chuaigh Willie ar scor ar an 30 Samhain 2013.



## Marian Mc Gennis

Bhí Marian Mc Gennis ina Teachta Dála do Bhaile Átha Cliath Láir agus is iarbhall í de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall. Agus í ina ball den Oireachtas bhí sí ina hurlabhraí den fhreasúra ar chomhionannas agus ina bhall den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach. Tá baint aici le heagraíochtaí deonacha le beagnach 30 bliain. Tá Marian ina céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus tá céim san Eolaíocht Shóisialta aici i Socheolaíocht agus Beartas Sóisialta. Chuaigh Marian ar scor ar an 7 Márta 2014.



## Una McGrath

Ceapadh Úna McGrath ar an mBord i Márta 2010. Bhíodh Úna ag obair roimhe sin mar chomhairleoir agus mar bhainisteoir forbartha gnó i réimse na n-athruithe ar iompar taistil, bróicéireacht chorparáideach agus tacaíocht na hearnála poiblí do thaisteal inbhuanaithe. Bhunaigh sí Ionad Comaitéireachta Champas Ospidéal an Mater agus bhuaigh sí an Living Dublin Award ón Irish Times. Ceapadh í mar bhall de phainéal saineolaithe Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh um Iomaíochas agus Nuálaíocht chun measúnú a dhéanamh ar thograí ar mhaoiniú do thionscadail iompair ó bhallstáit. Tá céim BA aici i Margaíocht Idirnáisiúnta agus Teangacha, ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath mar aon le céim BA i nDearadh ó Institiúid Theicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Chuaigh Úna ar scor ar an 15ú Márta 2013.



## Thomas O'Connor

Ceapadh Thomas O'Connor ar an mBord ar an 1 Nollaig 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001. Oibríonn Thomas mar thiománaí bus, agus tá sé bunaithe i nGaráiste na Rinne. Tá sé ina bhall de Cheardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid [National Bus and Rail Union], tá sé ina bhall den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'oibrigh sé mar Rúnaí Brainse Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. D'oibrigh sé roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaíochta.



## Kevin Rafter

Ceapadh Kevin Rafter ar an mbord i mí Eanáir 2013 tríd an bpróiseas um iarratais oscailte poiblí. Tá sé ina údar nó ina eagarthóir ar roinnt leabhar ar na meáin agus ar pholaitíocht in Éirinn agus tá a chuid taighde foilsithe in irisí acadúla idirnáisiúnta a ndéanann piaraí athbhreithniú orthu. Tá sé ina iar-iriseoir polaitiúil, agus tá a ghnó comhairleoireachta féin á reáchtáil aige ó 2008 i leith agus oibríonn sé mar Ollamh Comhlach i gCumarsáid Pholaitiúil agus mar Dhéan Comhlach Taighde ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina bhall de bhord Oxfam Ireland faoi láthair agus ina chathaoirleach ar an bPainéal Neamhspleách um Chuntasacht agus um Fheidhmíocht i Státseirbhís na hÉireann. Cheap an Rialtas an Painéal agus cuirfidh siad tuairisc ar fáil in 2014.



## David Rouse

Ceapadh David Rouse ar an mbord i Aibreán 2013 tríd an bpróiseas iarratais oscailte poiblí. Tá sé ina Cuntasóir Cairte, ina Chomhalta d'Institiúid Cánach na hÉireann [Irish Tax Institute] agus tá céim sa Ghnó agus Staidéar Dlí aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. D'oibrigh David i gcleachtas le Arthur Andersen agus le KPMG, agus níos déanaí sna hearnálacha pinsin agus comhairleach cánach. Tá sé tiomanta go láidir don earnáil phobail agus don earnáil dheonach. Tá David ina stiúrthóir agus ina chathaoirleach ar cuideachta úinéirí bainistíochta a dhéanann maoirseacht ar cheann de na heastáit chónaithe is mó sa tír. Tá sé ar Fhóram Comhairleach Gnáthóirí Rásaí de chuid Rásaíocht Capall na hÉireann agus tacaíonn sé le Ruaigirí Shligigh. D'éirigh David as a bheith ina comhalta den Bhord ar an 8 Deireadh Fómhair 2013.

# Ráiteas ar Fhreagracht na Stiúrthóirí

Éilíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais, a sholáthraíonn léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta agus barrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, a nochtann le beachtas réasúnta, tráth ar bith, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn agus go gcloíonn siad le riachtanais Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Bhus Átha Cliath – Dublin Bus

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Bhus Átha Cliath don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 a chuimsíonn an Cuntas Brabúis agus Caillteanais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn).

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí Faoi Seach

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 21, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom. Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, i gcomhréir le dlí na hÉireann agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Tá an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus chun na críche sin amháin. Ní ghlacaimid, ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dó seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Cuimsítear leis sin measúnú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na cuideachta, agus cé acu ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh iad go himleor; a réasúnaí is a bhí meastacháin suntasacha cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta agus chun aon eolas ar cosúil é a bheith mícheart go hábhartha a aithint ar bhunús na faisnéise a fuaireamar le linn dúinn a bheith i mbun an iniúchta, nó nach dtagann go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thugaimid aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaimid machnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar ár dtuarascáil féin.

## Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Is í ár dtuairim go bhfuil an méid seo a leanas fíor i leith na ráiteas airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Ginearálta in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2013 agus ar a barrachas agus a sreabhadh airgid don bhliain dár críoch sin; agus
- go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

## Nithe a Éilítear orainn Tuairisciú de bhun Achtanna na gCuideachtaí 1963-2013

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn.
- Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta.
- Go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a dtugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

- Nach bhfuil glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite sa Chlár Comhardaithe, níos mó ná leath de mhéid a scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin bhí staid airgeadais ann ar an 31 Nollaig 2013 a d'éileodh, faoi Alt 40 (1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1983, go dtionólfaí cruinniú ginearálta urghnách den chuideachta. Reáchtáladh an cruinniú sin ar an 16 Meitheamh 2010.

## Nithe a Éilítear orainn Tuairisciú de réir Eisceachta

Níl aon rud le tuairisciú againn i ndáil le forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 a cheanglaíonn orainn tuairisc a thabhairt duit más rud é, inár dtuairim, nach ndearnadh na nochtuithe faoi luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta atá sonraithe le dlí.

**Teresa Harrington**
*ar son agus thar ceann PricewaterhouseCoopers*
*Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil*
Baile Átha Cliath

3 Aibreán 2014

A. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine láithreán gréasáin Bhus Átha Cliath; ní áiríonn an obair a dhéanann na hiniúchóirí nithe dá leithéid a mheas agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith déanta ar na ráitis airgeadais ó cuireadh in iúl ar an láithreán gréasáin den chéad uair iad.

B. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht le sonrú sa reachtaíocht in Éirinn a bhfuil ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais á rialú aici agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Príomhbheartais Chuntasaíochta

Is iad seo a leanas na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ná iad siúd atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

### (i) Feithiclí Paisinéirí Bóthair

Déantar feithiclí paisinéirí bóthair a dhímheas ar bhonn costais stairiúil na bhfeithiclí sa fhlít a leatar thar a gcuid saolréanna úsáideacha measta ar bhonn céatadáin laghdaithigh a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil.

### (ii) Stadanna bus agus foscadáin bus

Déantar stadanna agus scáthláin bus a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna úsáideacha measta.

### (iii) Gléasra agus Innealra

Déantar gléasra agus innealra a dhímheas, trí thráthchodanna cothroma bliantúla, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna úsáideacha measta.

## (C) Sócmhainní ar Léas – Léasanna Oibriúcháin

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a fhabhraítear siad.

## (D) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus páirteanna spárála ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe. Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Deontais

### (i) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste

Déantar deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón Státchiste, a bhaineann le caiteachas caipitil ar thionscadail ar leith, a chur do shochar ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i leith caiteachais ioncaim a chur do shochar ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte agus scaoiltear chuig an gcuntas caiteachais iomchuí iad sa bhliain lena mbaineann an caiteachas.

### (ii) Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

## (F) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachan malartaithe réalaithe ar idirbhearta socruithe i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáth-ghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra eachtrach ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Cuirtear an costas ionchasach maidir le pinsin a sholáthar d'fhostaithe chun dochair an chuntais brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta na bhfostaithe inphinsin. Déantar an costas a ríomh, le comhairle ó achtúire neamhspleách, ar chéatadán a meastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhaid saoil seirbhíse measta atá fágtha ag baill na scéime.

Déantar foráil do costas caipitil na bpinsean forlíontach agus gearrtar é ar an gcuntas brabúis agus caillteanais sa bhliain ina aithnítear eadarscaradh an fhostaí lena mbaineann agus áirítear é sa chostas téarfa.

## (H) Iarmhéideanna Idirchuideachta

Déantar Idirbhearta idir chuideachtaí an Ghrúpa a luacháil ar chostas stairiúil agus déantar iad a rangú bunaithe ar substaint an idirbhirt, mar seo a leanas:

### (i) Sócmhainní Airgeadais Fadtéarmacha

Is ionann iad seo agus comhiomlán:

a. Sreabhadh airgid ó oibriúcháin suas le dhá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.

b. Glan-infheistíocht i sócmhainní seasta ón dáta ionchorpraithe go dáta an chláir chomhardaithe.

### (ii) Cuntas Trádála Gearr-Théarmach

Is ionann iad seo agus comhiomlán:

a. Glanbharrachas ginte/easnamh a tabhaíodh sa dá bhliain go dáta an chláir chomhardaithe.

b. Méadú/laghdú i gcaipiteal oibre sa dá bhliain go dáta an chláir chomhardaithe.

### (iii) Dliteanas Airgeadais Fadtéarmach

Is ionann é seo agus comhiomlán an insreafa agus eis-sreafa airgid ó:

a. Ghníomhaíochtaí maoinithe idirghrúpa.

b. An seirbhísiú airgeadais.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| An bhliain dar críoch 31 Nollaig | Nótaí | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam | | **204,128** | 191,054 |
| Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | *3* | **64,540** | 74,768 |
| **Ioncam Iomlán** | | **268,668** | 265,822 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | *4* | **(173,411)** | (174,753) |
| Ábhair agus seirbhísí | *5* | **(86,232)** | (83,017) |
| **Costais Oibríochta Iomlána** | | **(259,643)** | (257,770) |
| **TRÚCDA (tuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh) roimh muirir athstruchtúraithe agus muirir eile** | | **9,025** | 8,052 |
| Dímheas | *6* | **(9,591)** | (9,781) |
| Gnóthachan ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe | | **785** | 182 |
| Gnóthachain/(Costais) eisceachtúla oibriúcháin | *7* | **29** | (2,428) |
| **Barrachas/(Easnamh) roimh Ús agus Cháin** | | **248** | (3,975) |
| Ús Infhála/(Iníoctha) | *8* | **233** | 152 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | | **481** | (3,823) |
| **(Easnamh) Carnach ag tús na Tréimhse** | | **(52,156)** | (48,333) |
| **(Easnamh) Carnach ag deireadh na Tréimhse** | | **(51,675)** | (52,156) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta.

Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheantas seachas iad sin atá san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird

**An tUas. K. Bonner**, *Cathaoirleach*
**An tOllamh P. Barker**, *Stiúrthóir*

# Clár Comhardaithe

| Amhail an 31 Nollaig | Nótaí | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *9* | **139,917** | 130,464 |
| Sócmhainní airgeadais | *11A* | **98,308** | 120,666 |
| | | **238,225** | 251,130 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *10* | **3,279** | 3,470 |
| Féichiúnaithe | *11* | **20,646** | 18,472 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | **–** | 1,181 |
| | | **23,925** | 23,123 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | *12* | **(70,840)** | (95,254) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(46,915)** | (72,131) |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | **191,310** | 178,999 |
| Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirir | *14* | **(72,547)** | (74,181) |
| Ioncam Iarchurtha | *15* | **(84,089)** | (70,360) |
| Dliteanas airgeadais fadtéarmach | *11A* | **(16,513)** | (16,778) |
| | | **18,161** | 17,680 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | *16* | **69,836** | 69,836 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | **(51,675)** | (52,156) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | *17* | **18,161** | 17,680 |

Thar ceann an bhoird

**An tUas. K. Bonner**, *Cathaoirleach*
**An tOllamh P. Barker**, *Stiúrthóir*

# Ráiteas Sreabhaidh Airgid

| An bhliain dar críoch 31 Nollaig | Nótaí | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *18 (A)* | **(28,930)** | 121,180 |
| Seirbhísiú airgeadais | *18 (B)* | **233** | 152 |
| Caiteachas caipitil | *18 (B)* | **(12,980)** | (154,573) |
| Comaoin ar dhiúscairt sócmhainní | *18 (B)* | **708** | 187 |
| Deontais chaipitil faighte | *18 (B)* | **37,369** | 22,881 |
| Caipitil Fadtéarmach | *18 (B)* | **(265)** | 16,778 |
| Féichiúnaí cuideachta sealbhaíochta | *11 (A)* | **11,791** | – |
| **Insreabhadh/(eis-sreabhadh) roimh mhaoiniú** | | **7,926** | 6,605 |
| Glanbhainistiú acmhainní leachtacha | *11 (A)* | **(11,791)** | (5,403) |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim i rith na bliana** | | **(3,865)** | 1,202 |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite ag an gCuideachta Shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghineadh agus nach bhfuil ag teastáil láithreach le haghaidh oibríochtaí, agus atá curtha ar fáil don Chuideachta Shealbhaíochta, agus atá inaisíoctha mar is gá.

## Réiteach Glansreabhadh airgid le Gluaiseacht i nGlanfhiachas

| | | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| Méadú/(laghdú) ar airgead tirim i rith na bliana | | **(3,865)** | 1,202 |
| Insreabhadh airgid ó iarmhéid na Cuideachta Sealbhaíochta | *18 (C)* | **–** | – |
| **Gluaiseacht i nglanfhiachas sa bhliain** | | **(3,865)** | 1,202 |
| Fiach glan amhail an 1 Eanáir | *18 (C)* | **1,181** | (21) |
| **Glan (rótharraingt)/airgead tirim Bainc amhail an 31 Nollaig** | **18 (C)** | **(2,684)** | 1,181 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Gnóthas Leantach

Tá cóip den nochtadh ó thaobh Gnóthais Leantaigh atá san áireamh i Nóta 1 de ráitis airgeadais CIÉ san áireamh anseo thíos:

### "Cúlra

I mí Iúil 2013 chuir Grúpa CIÉ bailchríoch rathúil ar idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa faoi athmhaoiniú agus faoi mhéadú na saoráidí baincéireachta atá ar fáil don Ghrúpa. Socraíodh go mbeidh €160m ar fail mar shaoráidí tiomanta go Iúil 2018.

Tá roinnt cúnaint airgeadais ag baint leis na háiseanna nua agus chomhlíon Grúpa CIÉ iad go léir in 2013. Is léir ón mbuiséad don bhliain 2014 agus ón bplean gnó le haghaidh 2015 go bhfuil an lucht bainistíochta ag súil go n-éireoidh le Grúpa CIÉ spriocanna na gcúnant atá sna comhaontuithe faoi áiseanna a bhaint amach.

Cé go mba bhliain dhúshlánach í 2013 do Ghrúpa CIÉ, d'éirigh le Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ agus le gach ceann de na Cuideachtaí Oibríocha na spriocanna buiséid a bhaint amach a bhí leagtha síos ina mbuiséad le haghaidh 2013 agus san áireamh i bplean gnó 5 bliana an Ghrúpa a cuireadh ar fáil do na bainc le linn an phróisis caibidlíochta i dtaca leis na saoráidí baincéireachta nua.

### Cineál na nÉiginnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa

Cé go bhfuil gach dóchas ag an lucht bainistíochta go mbainfear amach spriocanna foriomlána na gcúnant in 2014 agus in 2015, tá roinnt spriocanna dúshlánacha agus toimhdí dúshlánacha i mbuiséad na bliana 2014 agus sa phlean 5 bliana agus beidh ar an lucht bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht leanúnach a dhéanamh orthu. Glactar leis sa phlean go dtabhóidh an Grúpa easnaimh eile in 2014 agus arís in 2015 ach go mbeidh siad brabúsach in 2016 agus ina dhiaidh sin. Tá roinnt rudaí neamhchinnte san áireamh i mbuiséad na bliana 2014 agus sa phlean 5-bliana, lena n-áirítear go háirithe:

1. **Ioncam** – Tá baint amach na spriocanna maidir le fás ioncaim atá leagtha síos i bplean gnó 5-bliana an Ghrúpa bunaithe ar mheascán de bhoinn tuisceana a bhaineann le méaduithe i dtáillí ainmniúla agus ar mhéadú a thiocfaidh ar líon na n-aistear a dhéanfaidh paisinéirí. Beidh cumas an Ghrúpa na méaduithe táillí a fháil a éilítear sa phlean ag braith go príomha ar cinntí a dhéanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi tháillí agus braithfidh méaduithe ar líon na n-aistear a dhéanfaidh paisinéirí ar théarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe.
2. **Costais** – Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear i gcíoch na bearta um shrianadh costas, go háirithe coigiltis phárolla, faoi mar atá leagtha amach i bplean gnó an Ghrúpa. Is de nádúr na dtoimhdí a úsáideadh in ullmhú an phlean gnó go bhfuil siad suibiachtúil agus tá sé riachtanach go ndéanfar monatóireacht dhian ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean, sa chaoi gur féidir bearta maolaithe, a bhfuil cuid acu aitheanta cheana féin ag an mbainistíocht, a chur i bhfeidhm más gá.
3. **Infheistíocht Chaipitil** – Ionchorpraíonn plean gnó an Ghrúpa boinn tuisceana a bhaineann le leibhéil infheistíochta caipitil atá riachtanach chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh a eascraíonn faoina Conradh Ilbhliantúil agus faoi Chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí. Braitheann cumas an Ghrúpa chun an infheistíocht chaipitil atá riachtanach a mhaoiniú ar thacaíocht maoinithe a fháil ón Státchiste agus ón Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhair caiteachais caipitil. Braitheann inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Ghrúpa ar leibhéal oiriúnach maoinithe a bheith ar fáil ón rialtais. Mura gcuirfear leibhéal oiriúnach infheistíochta caipitil ar fáil beidh tionchar aige ar fheidhmíocht oibriúcháin an Ghrúpa, beidh impleachtaí sábháilteachta i gceist agus beidh tionchar aige ar chumas an Ghrúpa freastal a dhéanamh ar a gcúnaint bhaincéireachta agus beidh tionchar aige ar acmhainn fáis an ghrúpa sa bhfadtéarma.

## 1 Gnóthas Leantach ar lean

Tá buiséad Iarnróid Éireann don bhliain 2014 agus a phlean 5 bliana an-íogair ó thaobh na n-éiginnteachtaí thuas. Más rud é nach féidir bearta malartacha a chur i bhfeidhm chun cur i gcoinne thionchar na n-íogaireachtaí a aithníodh in Iarnród Éireann, tá an baol ann nach mbeidh Iarnród Éireann bhrabúsach i rith saolré an phlean gnó reatha 5-bliana. Beidh ganntanas caipitil oibre ann agus bheidh sé riachtanach monatóireacht leanúnach agus bearta maolaithe a dhéanamh lena chinntiú nach sárófar spriocanna foriomlána na gcúnant TRÚCDA (tuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh) agus go mbeidh sreabhadh airgid ar fáil chun oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bheidh siad dlite.

### Bearta an Lucht Bainistíochta

Tá an Lucht Bainistíochta tar éis roinnt bearta a dhéanamh agus tá siad ag leanúint ar aghaidh leo, lena n-áirítear:

- Monatóireacht dhian ag an mbainistíocht ar staid airgid laethúil, seachtainiúil agus míosúil ar fud an ghrúpa
- Plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt faoi struchtúr oiriúnach maoinithe/Glanthionchar airgeadais le haghaidh gach fochuideachta de chuid an Ghrúpa
- Tionscnaimh sábhála costais a chur i bhfeidhm agus monatóireacht ghéar a dhéanamh orthu
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí nua a lorg chun ioncam a ghiniúint

### Litir Tacaíochta

Léirigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a tacaíocht leanúnach i litir faoina tiomantas.

Tugadh le fios sa litir: "Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i mbun idirphlé leis an gcuideachta faoi na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint." Cé gur tugadh le fios sa litir nach féidir forléiriú a dhéanamh ar aon ní sa litir mar ráthaíocht ar oibleagáidí ná ar dhliteanais CIÉ, dúradh chomh maith inti: "Is é beartas an Rialtais fós gurb é gnó CIÉ i gcónaí a bheith in ann na dliteanais atá air a chomhlíonadh. Is é an Stát scairshealbhóir aonair CIÉ agus is féidir le CIÉ a dheimhniú go leanfaidh an Stát ar aghaidh ag feidhmiú a chearta scairshealbhóra d'fhonn a chinntiú go mbainistíonn CIÉ a chuid oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a oibleagáidí go léir a chomhlíonadh go tráthúil. Níor mhór i gcás aon bheart a bheadh á bhreithniú ag an Stát é a bheith i gcomhréir le dlí an AE, lena n-áirítear rialacha maidir le Cúnamh Stáit agus d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach iad a fhógairt don Coimisiúin agus faomhadh a fháil".

### Conclúid

Tá fiosruithe cuí déanta ag comhaltaí an bhoird agus nuair a chuirtear san áireamh na neamhchinnteachtaí a bhfuil cur síos orthu thuas, tá ionchas réasúnta acu go gcomhlíonfaidh Grúpa CIÉ a mbuiséad agus a bplean 5-bliana agus go mbainfidh siad amach spriocanna na gcúnant gaolmhara, agus gur leor na saoráidí baincéireachta atá acu le maoiniú a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha an ghrúpa ó thaobh sreafa airgid de. Tá ionchas réasúnta acu chomh maith go dtacóidh an Rialtas le bearta chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Ar na cúiseanna sin, is í conclúid chomhaltaí an bhoird nach neamhchinnteacht ábhartha iad na rioscaí a bhfuil cur síos orthu thuas a chruthaíonn amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus ar an mbonn sin leanfaidh siad ar aghaidh ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh in ullmhú na ráiteas airgeadais."

## 2 Glan (Easnamh)/Barrachas de réir Gníomhaíochta

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | 2013 | 2012 | 2013 | 2012 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ioncam** | **192,026** | 180,024 | **12,102** | 11,030 |
| **Costais** | **(258,732)** | (260,751) | **(9,455)** | (8,894) |
| **(Easnamh)/barrachas Oibriúcháin** | **(66,706)** | (80,727) | **2,647** | 2,136 |
| Íocaíocht Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí | **64,540** | 69,435 | **–** | – |
| Maoiniú Éigeandála Breise ón Rialtas | **–** | 5,333 | **–** | – |
| **Glan(easnamh)/barrachas** | **(2,166)** | (5,959) | **2,647** | 2,136 |

## 3 Oibleagáid Seirbhíse Poiblí

Ba é €64,540,000 Oibleagáid Seirbhíse Poiblí a bhí iníoctha le Bus Átha Cliath – Dublin Bus trína chuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 (2012 – €74,768,000, ach áirítear leis seo íocaíocht bhreise éigeandála €5,333,000, a rinneadh chun tacaíocht leachtachta a chur ar fáil do Ghrúpa CIÉ).

## 4 Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costais Foirne** | | |
| Pá agus tuarastail | **147,241** | 148,876 |
| Costais leasa sóisialaigh | **14,761** | 14,464 |
| Costais phinsin eile | **11,303** | 11,355 |
| Obair féin caipitlithe | **(92)** | (136) |
| **Iomlán na gcostas foirne** | **173,213** | 174,559 |
| **Luach saothair na Stiúrthóirí** | | |
| **Luach saothair** | | |
| – i leith seirbhísí mar stiúrthóirí | **78** | 73 |
| – i leith sheirbhísí eile | **120** | 121 |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na stiúrthóirí** | **198** | 194 |
| **Iomlán na gcostas párolla agus na gcostas gaolmhar** | **173,411** | 174,753 |

## 4 Párolla agus Costais Ghaolmhara ar lean

Ba é €189,905 tuarastal an Príomhfheidhmeannaigh, Paddy Doherty, in 2013, suim a bhí i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do Phríomhfheidhmeannaigh. Ba iad seo a leanas na díolaíochtaí breise in 2013: Úsáid Carr na Cuideachta €15,005, Ranníocaíochtaí pinsin Fostóirí €43,441 agus ÁSPC Fhostóirí €4,815. Tá an tUas Ó Dochartaigh ina bhall de Scéim Pinsean Ranníocach CIÉ 1951.

Is mar seo a leanas a bhí díolaíochtaí na Stiúrthóirí don bhliain 2013:

An tUasal K. Bonner €21,600, An tUasal K. Barrington €1,822, An tOllamh P. Barker €8,883, An tUasal G. Joyce €12,600, An tUasal M. Mc Gennis €12,600, An tUasal U. McGrath €6,300, an Dr K. Rafter €9,788.

Ní bhfuair an tUasal B McCamley, an tUasal T O'Connor ná An tUasal W. McDermott Táillí Stiúrthóirí ar bith ón gcuideachta.

| | Líon na mBall Foirne | |
|---|---|---|
| | 2013 | 2012 |
| | €000 | €000 |
| Ba é meánlíon na bhfostaithe i rith na bliana ná: | **3,172** | 3,236 |

# 5 Ábhair agus Seirbhísí

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Breosla agus bealaí | **34,139** | 33,399 |
| Ábhair | **17,610** | 17,785 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **618** | 595 |
| Cíos agus Rátaí | **840** | 821 |
| Léaschíosanna oibriúcháin | **606** | 610 |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra | **6,432** | 6,396 |
| Costais íoctha le stiúrthóirí | **–** | – |
| Seirbhísí eile | **26,126** | 23,759 |
| Deontais ioncaim *(nóta 15)* | **(139)** | (348) |
| | **86,232** | 83,017 |

B'ionann na speansais iomlána a íocadh i leith stiúrthóirí in 2013 agus nialas.

## 6 Dímheas

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 9)* | **25,675** | 22,603 |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil an AE/Státchiste *(nóta 15)* | **(16,084)** | (12,822) |
| | **9,591** | 9,781 |

## 7 Costais Oibriúcháin Eisceachtúla

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú gnó | **(29)** | 2,428 |

## 8 Ús (Infhaighte)/Iníoctha

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Ar iarmhéideanna leis an gCuideachta Shealbhaíochta | **(238)** | (154) |
| Íocaíochtaí/(fáltais) úis eile | **5** | 2 |
| | **(233)** | (152) |

## 9 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Feithiclí Paisinéara Bóthair €000 | Stadanna agus Scáthláin Bus €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| **Amhail an 1ú Eanáir, 2013** | 294,552 | 26,628 | 55,260 | **376,440** |
| Breiseanna | 31,179 | 1,598 | 2,561 | **35,338** |
| Diúscairtí | (25,609) | – | (1,568) | **(27,177)** |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2013** | **300,122** | **28,226** | **56,253** | **384,601** |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1ú Eanáir, 2013 | (200,775) | (8,106) | (37,095) | **(245,976)** |
| Muirear don bhliain | (19,310) | (2,313) | (4,052) | **(25,675)** |
| Diúscairtí | 25,399 | – | 1,568 | **26,967** |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2013** | **(194,686)** | **(10,419)** | **(39,579)** | **(244,684)** |
| **Glanmhéideanna Leabhair** | | | | |
| Amhail an 31ú Nollaig, 2012 | 93,777 | 18,522 | 18,165 | 130,464 |
| **Amhail an 31ú Nollaig, 2013** | **105,436** | **17,807** | **16,674** | **139,917** |

(a) Is iad seo a leanas na saolréanna fónta ionchais de na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críocha dímheasa:

| | **Saolréanna (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 7-12 |
| Stadanna bus agus scáthláin bus | 3-15 |
| Gléasra agus innealra | 3-10 |

(b) Bhí feithiclí paisinéirí bóthair ar chostas €44,310,000 (2012 – €61,191,000) dímheasta go hiomlán ach fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Níl aon bhreisithe i ndáil le feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad atá á dtógáil agus sócmhainní nach bhfuil i mbun seirbhíse (2012 – €129,000).

(d) Ní leis an gcuideachta an mhaoin arna húsáid, sealbhaítear í sin ar na ráitis airgeadais de chuid Chuideachta Shealbhaíochta CIÉ.

## 10 Stoic

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | **1,680** | 2,170 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | **1,599** | 1,300 |
| | **3,279** | 3,470 |

## 11 Féichiúnaithe

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe Trádála | **8,108** | 7,856 |
| Méideanna dlite ón gcuideachta shealbhaíochta *(nóta 11a)* | **6,493** | – |
| Deontais AE/Státchiste infhaighte | **4,508** | 9,755 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **1,537** | 861 |
| | **20,646** | 18,472 |

### (A) Athrangú ar Fhéichiúnaithe na Cuideachta Sealbhaíochta

I rith na bliana, rinne an lucht bainistíochta athbhreithniú ar chomhpháirteanna an iarmhéid idirchuideachta atá dlite don Ghrúpa CIÉ nó uaidh, agus rinne roinnt athrangaithe chun an phróifíl aisíoca/cineál cistithe shuthain na sócmhainní agus na ndliteanas idirchuideachta ábhartha a chur i láthair ar shlí níos córa. Rinneadh iarmhéideanna comparáideacha a athlua freisin. Tá achoimre air sin sa tábla thíos (de réir an Phríomhbheartais Cuntasaíochta – H):

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Athrangaithe mar:** | | |
| **Méideanna dlite ón gCuideachta Shealbhaíochta** | **88,288** | 76,497 |
| Sócmhainn Airgeadais Fhadtéarmach | **98,308** | 120,666 |
| Cuntas Trádála Gearrthéarmaí | **6,493** | (27,391) |
| Dliteanas Airgeadais Fadtéarmach | **(16,513)** | (16,778) |
| | **88,288** | 76,497 |

## 12 Creidiúnaithe

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt bhainc | **(2,684)** | – |
| Creidiúnaithe trádála | **(4,972)** | (7,296) |
| Cáin ioncaim/tobhach asbhainte faoi ÍMAT | **(3,191)** | (3,371) |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | **(1,894)** | (1,889) |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **(2,458)** | (5,090) |
| Creidiúnaithe eile | **(3,106)** | (3,357) |
| Méideanna dlite don Chuideachta Shealbhaíochta | **–** | (27,391) |
| Ioncam iarchurtha | **(11,245)** | (10,000) |
| Fabhruithe | **(13,623)** | (9,568) |
| Scaoilíocaíochtaí deonacha | **(2,528)** | (4,262) |
| Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 14)* | **(8,000)** | (8,000) |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 15)* | **(17,139)** | (15,030) |
| | **(70,840)** | (95,254) |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach áirithe anseo thuas | **(7,543)** | (10,350) |

## 13 Oibleagáidí Léasa

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| **Léasanna Oibriúcháin** | | |
| Rachaidh na tiomantais faoi léasanna oibriúcháin nach féidir a chealú agus is iníoctha sa bhliain atá romhainn in éag mar seo a leanas: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | **97** | 132 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **62** | 158 |
| | **159** | 290 |

## 14 Foráil do Dhliteanais agus do Mhuirir

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| **Éilimh dhliteanais tríú páirtí agus fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir | **82,181** | 83,676 |
| Úsáidte i rith na bliana | **(7,615)** | (7,450) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | **5,981** | 5,955 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31ú Nollaig** | **80,547** | 82,181 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 12)* | **8,000** | 8,000 |
| Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin | **72,547** | 74,181 |
| | **80,547** | 82,181 |

Déantar aon chailliúintí nach gclúdaítear le hárachas seachtrach a mhuirear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus do mhuirir.

Aistríodh soláthairtí ag teacht ar aghaidh ó bhlianta eile chuig an gCuntas Brabúis agus Caillteanais comhdhlúite i bhfianaise na n-éileamh déanta le tamall anuas.

### (A) Clúdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann, thar ceann na cuideachta:

(i) dliteanas tríú páirtí os cionn €2,000,000 ar aon tarlú amháin nó aon sraith tarluithe a eascraíonn as aon teagmhas iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás caingne a thionscnaítear maidir le héilimh bhóthair faoi réir ag dlínse Stát Aontaithe Mheiriceá áit arb ionann an barrachas agus US$3,300,000;

(ii) dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa os cionn €250,000 ar aon tarlú amháin nó aon sraith tarluithe a eascraíonn as teagmhais Rioscaí Eile, ach amháin;

  (a) damáiste uisce áit arb ionann an barrachas agus €2,000,000; agus

  (b) aon éilimh faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe áit arb ionann an barrachas agus US$150,000.

(iii) dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €15,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2013 agus Márta 2014; faoi réir choinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa fhoriomláin de €27,000,000 i gcomhiomlán na bliana, a mbeidh aon choinneáil féin-árachaithe aonair sa tréimhse bhliantúil sin cothrom le €50,000 ina dhiaidh sin;

(iv) Maidir le hÁrachas Dliteanais Grúpa Comhcheangailte, nach n-áiríonn dliteanas Sceimhlitheoireachta, is ionann slánaíocht fhoriomlán agus €200,000,000 don tréimhse bliana idir Aibreán 2013 agus Márta 2014, le haghaidh gach cineál iompair iarnróid agus bóthair, dliteanais Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile;

## 14 Foráil do Dhliteanais agus do Mhuirir ar lean

(v) Gach Riosca don Ghrúpa, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúintí, le farasbarr bliantúil gan dul thar €5,000,000 in iomlán agus ina dhiaidh sin beidh aon fharasbarr aonair féin-árachaithe sa tréimhse bliana sin cothrom le €100,000; agus

(vi) is ionann an clúdach slánaíochta um dhamáiste sceimhlitheoireachta don Ghrúpa agus €200,000,000 le barrachas €10,000,000 maidir le gach uile chaillteanas ach amháin i gcás rothstoc iarnróid agus rothstoc bóthair agus é faoi bhealach, áit arb ionann an barrachas agus €500,000 maidir le gach uile chaillteanas in Éirinn nó i dTuaisceart Éireann agus €250,000 maidir le gach uile chaillteanas sa Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann san áireamh).

### (B) Foráil maidir le hÉilimh Dliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara

Foráiltear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe (IBNR) don chuideachta go fóill. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach le linn éileamh a bhainistiú ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistíochta éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena gcuid nochtaithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

I gcostas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha á ríomh, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach sheachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhcinnteachtaí a d’fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d’fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

I gcostas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á mheas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d’éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthairtí d’éilimh glan ar aon ghnóthachain athárachaithe nuair is féidir gnóthachain mar sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á thabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le haon athárachóirí in athrith.

## 15 Ioncam Iarchurtha

Léiríonn an cuntas seo deontais AE/Státchiste a dtugtar cuntas orthu de réir bheartas cuntasaíochta E.

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir | **85,390** | 65,805 |
| Faighte agus infhála | **32,061** | 32,755 |
| **Aistriú go cuntas brabúis agus caillteanais** | | |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 6)* | **(16,084)** | (12,822) |
| Deontas ioncaim *(nóta 5)* | **(139)** | (348) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31ú Nollaig** | **101,228** | 85,390 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 12)* | **17,139** | 15,030 |
| Suimeanna dlite tar éis breis agus bliain amháin | **84,089** | 70,360 |
| | **101,228** | 85,390 |

### (A) Nochtadh de réir Chiorclán na Roinne Airgeadais, Tagairt 17/2010

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | |
| Feithiclí agus Gléasra | **32,123** | 32,329 |
| Maoin | **–** | – |
| Breiseanna sócmhainne na bliana roimhe sin atá íoctha | **9,755** | 227 |
| Breiseanna sócmhainne na bliana roimhe sin atá gan íoc | **(4,509)** | (9,755) |
| **Iomlán Íoctha** | **37,369** | 22,801 |
| **Deontais Ioncaim** | | |
| Deontais Ioncaim don Chuntas Brabúis agus Caillteanais | **139** | 348 |
| Bliain roimhe | **–** | – |
| An bhliain reatha gan íoc | **(95)** | – |
| **Iomlán Íoctha** | **44** | 348 |
| **Iomlán na n-Íocaíochtaí** | **37,413** | 23,149 |

Déantar méid agus téarma na nDeontas Caipitil a amúchadh thar shaolta úsáideacha na sócmhainní. Cuirtear Deontais Ioncaim leis an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ina n-iomláine sa bhliain ábhartha ina bhfuarthas iad. Is iad an ghníomhaireacht ábhartha agus an clár ábhartha ná an NTA agus an Clár Cistithe Caipitil 2013. Tá na deontais teoranta do ghníomhaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO).

## 16 Scairchaipiteal

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna ar €1.27 an ceann amhail an 1ú Eanáir | **126,974** | 126,974 |
| Méadú i Scaireanna Údaraithe | **–** | – |
| Gnáthscaireanna ar €1.27 an ceann amhail an 31ú Nollaig | **126,974** | 126,974 |
| **Leithroinnte, glaoite agus lánìoctha:** | | |
| Gnáthscaireanna ar €1.27 an ceann amhail an 1ú Eanáir | **69,836** | 69,836 |
| Méadú i Scaireanna Eisithe | **–** | – |
| Gnáthscaireanna ar €1.27 an ceann amhail an 31ú Nollaig | **69,836** | 69,836 |

## 17 Réiteach na nGluaiseachtaí i gCistí Scairshealbhóirí Cothromais

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1ú Eanáir | **17,680** | 21,503 |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | **481** | (3,823) |
| Gnáthscaireanna eisithe | **–** | – |
| Iarmhéid amhail an 31ú Nollaig | **18,161** | **17,680** |

## 18 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

### (A) Réiteach Shreafa Airgid Oibriúcháin an Easnaimh Oibriúcháin

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Easnamh oibriúcháin roimh ús agus íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí | **(64,292)** | (78,743) |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí *(nóta 3)* | **64,540** | 74,768 |
| | **248** | (3,975) |
| Dímheas *(nóta 6)* | **25,675** | 22,603 |
| Amúchadh *(nóta 6)* | **(16,084)** | (12,822) |
| Gnóthachan ar Shócmhainní diúscartha | **(785)** | (182) |
| Laghdú/(méadú) i Stoic | **190** | 532 |
| (Méadú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe | **(7,420)** | 76,992 |
| (Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe agus ar Sholáthairtí | **(30,754)** | 38,032 |
| **Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(28,930)** | 121,180 |

### (B) Anailís ar Shreabhadh Airgid do Ghlan-Teidil sa Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| **Seirbhísiú airgeadais** | | |
| Ús faighte | **238** | 154 |
| (Íocaíochtaí)/fáltais úis eile | **(5)** | (2) |
| **Glan-insreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais** | **233** | 152 |
| **Caiteachas caipitil** | | |
| Ceannach Sócmhainní Inláimhsithe | **(35,338)** | (33,907) |
| (Méadú)/Laghdú i Sócmhainní Airgeadais | **22,358** | (120,666) |
| Caipitil Fadtéarmach | **(265)** | 16,778 |
| Fáltais ar dhíolachán sócmhainní seasta inláimhsithe | **708** | 187 |
| Deontais Chaipitil an AE/Státchiste | **37,369** | 22,881 |
| **Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó chaiteachas caipitil** | **24,832** | (114,727) |

## 18 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid ar lean

### (C) Anailís ar Ghlan-Fhiach

| | Amhail an 1ú Ean. 2013 €000 | Sreabhadh Airgid Flow €000 | Amhail an 31ú Noll. 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| Airgead ar Láimh agus sa Bhanc | 1,181 | (1,181) | – |
| Rótharraingt | – | (2,684) | (2,684) |
| | **1,181** | **(3,865)** | **(2,684)** |

## 19 Pinsin

Tá fostaithe de chuid Bus Átha Cliath mar bhaill de scéimeanna pinsean Ghrúpa Córas Iompair Éireann. Feidhmíonn Grúpa Córas Iompair Éireann dhá scéim pinsin sochair sainithe ag clúdach formhór na bhfostaithe, gach ceann acu á mhaoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus na baill.

Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta. Ní féidir sciar na mball aonair de sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin ag Ghrúpa Córas Iompair Éireann a aithint, ar bhonn comhsheasmhach agus réasúnach fiú dá mbeadh sé féideartha dáileadh a dhéanamh ar baill neamh-ghníomhacha ar fud fochuideachtaí bunaithe ar lá deireanach na fostaíochta, d'fhéadfadh go mbeadh na baill tar éis obair le haghaidh níos mó ná fochuideachta amháin. Dá bhrí sin, ní féidir a aithint cé leis an dliteanas (agus sócmhainn chomhfhreagrach) le haghaidh tréimhsí leanúnacha na fostaíochta. Táthar tar éis cuntas a thabhairt i leith ranníocaíochtaí do na scéimeanna seo, sa chaoi gur ionann é agus scéim ranníocaíochta sainithe arna cheadú ag Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) ag cuideachtaí Ghrúpa Córas Iompair Éireann.

Léirigh na luachálacha achtúireacha is déanaí a rinneadh ar na scéimeanna le haghaidh forálacha FRS 17 go raibh easnamh €417.8 milliún ar na scéimeanna amhail an 31ú Nollaig 2013.

B'ionann an costas pinsin don bhliain ar na scéimeanna le sochair shainithe agus €11.3 milliún. Tá na costais sin san áireamh freisin i nóta 4.

## 20 Ceangaltais Chaipitil

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Ar conradh le haghaidh | **10,308** | 7,877 |
| Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach gan conradh i bhfeidhm ina leith | **28,579** | 27,504 |
| | **38,887** | 35,381 |

## 21 Dliteanais Theagmhasacha

### Dlíthíocht ar Feitheamh

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann dóibh, mar thoradh ar nasc leis na nithe sin mar fharasbarr ar sholáthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

## 22 Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann. Ar an 1 Nollaig 2009, chuaigh Bus Átha Cliath agus an NTA i mbun conradh dír-dhámhachtana faoi fhorálacha an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath, 2008, chun seirbhísí sonraithe oibleagáide seirbhíse poiblí a chur ar fáil.

Sa ghnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, arb iad na príomhchinn díobh sin ná na Comhairlí Cathrach agus Contae éagsúla, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus BSL. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis arna héileamh faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Nochtadh Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 23 Comhaltacht Ghrúpa Chóras Iompair Éireann

Bus Átha Cliath – Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Átha Cliath agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa. Bíonn roinnt feidhmeanna ar fud an ghrúpa, amhail an Cisteán, Dlí, Maoin agus Pinsin á ndéanamh ag an gCuideachta Shealbhaíochta ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

## 24 Formheas na Ráiteas Airgeadais

D’fhormheas na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 26ú Márta 2014.

Bus Átha Cliath